Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Márta 2020
(OR. en)

6771/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011(NLE)**

SOC 147
EMPL 122
SAN 90
GENDER 19
ANTIDISCRIM 13
FREMP 21

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>– Cur chuige ginearálta |

1. I mí an Mheithimh 2019, ag an 108ú seisiún (Comóradh Céad Bliain) a bhí aige ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair Coinbhinsiún 190 maidir le díothú an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre[1], a raibh Moladh 206 ag gabháil leis[2]. Is é Coinbhinsiún 190 an chéad ionstraim idirnáisiúnta ina leagtar amach caighdeáin is infheidhme ar fud an domhain maidir le dul i ngleic le foréigean agus ciapadh oibre.

[1] https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_ILO_CODE:C190
[2] https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_ILO_CODE:R206

2. An 22 Eanáir 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh "Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh", maidir leis na codanna sin den Choinbhinsiún ar mheas an Coimisiún a thiocfadh faoi réim inniúlachtaí an Aontais de bhun Airteagal 3(2) CFAE.

3. Ag eascairt as an bplé a rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta, an 11 Márta 2020, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir leis an dréacht-Chinneadh trí Airteagal 2 scriosadh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil seo, agus chomhaontaigh sí é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun go nglacfar cur chuige ginearálta.

4. Choimeád na toscaireachtaí seo forchoimeádais nó chuir siad in iúl go raibh ráitis á n-eisiúint acu:

- Tá forchoimeádais ghinearálta fós á gcoimeád ag BG agus ag SK;
- Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha fós á gcoimeád ag DK agus ag PL;
- Eiseoidh HU ráiteas a bheidh i gceangal leis na miontuairiscí ón gComhairle.

5. Ó tharla gur cuireadh seisiún na Comhairle (EPSCO) an 19 Márta ar ceal i ngeall ar an ráig COVID-19, cuirfear glacadh an chur chuige ghinearálta leis an gclár oibre do sheisiún a bheidh ag an gComhairle amach anseo mar mhír "A".

6. Iarrtar ar an gComhairle cur chuige ginearálta a ghlacadh, mar mhír "A", maidir leis an dréacht-Chinneadh, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn, a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

*I gcomparáid leis an leagan deireanach (6533/20) – i ngeall ar an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 11 Márta 2020 – baineadh Airteagal 2.*

Dréacht

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 153(2) i dteannta phointí (a) agus (i) d'Airteagal 153 (1), agus d'Airteagal 218(6) (a) (v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2019, san 108ú seisiún a bhí aige ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le díothú an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre, Coinbhinsiún a bhféadfar an Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) ("an Coinbhinsiún") a ghairm de.

(2) Bíonn an tAontas ag obair chun go ndaingneofar coinbhinsiúin idirnáisiúnta saothair atá cothrom le dáta de réir aicmiú na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta chun obair chuibhiúil do chách, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus comhionannas inscne a chur chun cinn chomh maith le hidirdhealú a chomhrac.

(3) Cumhdaítear forálacha áirithe den Choinbhinsiún faoi inniúlacht an Aontais i réimsí na mbeartas sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 153 (2) agus le hAirteagal 153 (1) (a) agus (i) CFAE a mhéid a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus comhionannas idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha.

(4) Tá codanna den Choinbhinsiún a thagann faoi inniúlacht an Aontais.

(5) Ní féidir leis an Aontas an Coinbhinsiún a dhaingniú toisc gur do Stáit agus do Stáit amháin is ceadmhach a bheith ina bpáirtithe ann.

(6) Sa chás seo, ba chóir údarás a thabhairt do na Ballstáit, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais, na codanna sin den Choinbhinsiún a thagann faoi inniúlacht an Aontais a dhaingniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190), a dhaingniú i dtaca leis na codanna sin a thagann faoin inniúlacht a thugtar don Aontas Eorpach in Airteagail 153(2) agus 153(1)(a) agus (i) CFAE.

[…]

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*